

RABHADH

Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

STAIR – ARDLEIBHÉAL
(180 MARC)

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30

STAMPA AN IONAIID

SCRÚDUIMHIR

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6
FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR
FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR

1. PICTIÚIR
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir – **A1, A2, B agus C** – a ghabhann leis an bpáipéar agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **PICTIÚIR A1 agus A2**

Taispeánann pictiúr A1 radharc talmhaíochta ó na Meánaoiseanna. Taispeánann pictiúr A2 an síoladóir, uirlis mheicniúil a d'fhorbair Jethro Tull le linn na Réabhlóide Talmhaíochta.

- (i) Tabhair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh le síol a chur ó phictiúr **A1**.

.....
..... (1)

- (ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise ó phictiúr **A2** chun a thaispeáint go raibh an síoladóir níos éifeachtaí mar uirlis chun síol a chur.

.....
..... (2)

- (iii) Seachas céadcheapadh an tsíoladóra, luaigh feabhas **amháin** a cuireadh ar an bhfeirmeoireacht le linn na Réabhlóide Talmhaíochta.

.....
..... (2)

(b) **PICTIÚIR B**

Póstaer is ea pictiúr B i gcomhair Óglaigh na hÉireann, eagraíocht a bunaíodh i mí na Samhna 1913.

- (i) Cén eagraíocht a bhfuil an póstaer ag iarraidh ar mhná dul isteach inti?

..... (1)

- (ii) Cén fhianaise atá ann a thugann le tuiscint go mbeidh mná páirteach i ngníomhaíochtaí míleata na heagraíochta?

.....
..... (2)

- (iii) Ón staidéar a rinne tú ar *Fhorbairtí Polaitíochta in Éirinn na Fichiú hAoise* cén phríomhaidhm a bhí ag Óglaigh na hÉireann?

.....
..... (2)

(c) **PICTIÚR C**

Cartún is ea pictiúr C ón Dublin Opinion, iris mhíosúil a foilsíodh idir 1922 agus 1968.

(i) Cén fáth a bhfuil an seanfhear, a bhfuil lipéad **X** air, míshásta?

.....
..... (1)

(ii) Cén tréimhse deich mbliana den fhichiú haois inar thosaigh RTÉ, an chéad seirbhís náisiúnta teilifíse de chuid na hÉireann, ag craoladh?

1940idí

1950idí

1960idí

(2)

(iii) Tabhair cúis **amháin** ar féidir le cartúin mar phictiúr C a bheith úsáideach do staraithe.

.....
.....
..... (2)

2. DOICIMÉID
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) **DOICIMÉAD 1**

Sliocht as ‘Saol Michelangelo’ le Ascanio Condivi, 1553. Déanann sé cur síos ar eispéireas an ealaíontóra le linn dó a bheith ag péinteáil shileáil an tSéipéil Shistinigh.

(i) Cá fhad a thóg sé ar Michelangelo an phéintéireacht a chríochnú?

..... (1)

(ii) Conas atá a fhios againn ón bhfoinse go raibh daoine ag an am tógtha le hobair Michelangelo?

.....
..... (1)

(iii) An raibh an Pápa sásta go hiomlán le hobair Michelangelo? Tabhair píosa **amháin** fianaise ón bhfoinse chun tacú le do fhreagra.

.....
.....
..... (2)

(iv) Cén fhianaise a thugann an scríbhneoir ar chúram agus ar dhúthracht Michelangelo maidir lena chuid oibre?

.....
.....
..... (2)

(v) Ó do chuid staidéir ar an Athbheochan, cad ba chiall le *freascó*?

.....
..... (2)

(b) **DOICIMÉAD 2**

Sliocht as cuntas finné súl ó phiólóta de chuid an RAF i gCath na Breataine, 1940.

- (i) De réir an tsleachta, cár tharla an cath idir na heitleáin chogaidh Ghearmánacha agus Bhriotanacha?

..... (1)

- (ii) Ainmnigh cineál **amháin** d'eitleán cogaidh de chuid na Gearmáine, seachas an Messerschmitt, atá luaite sa doiciméad.

.....(1)

- (iii) Cén fhianaise atá ann a thugann le tuiscint go raibh meas ag an scríbhneoir ar phiólótaí troda de chuid na Gearmáine, cé gur naimhde a bhí iontu?

.....
.....
..... (1)

- (iv) Cén chúis a thugann an scríbhneoir chun an fáth ar iompaigh an dá Messerschmitt i dtreo an bhaile a mhíniú?

.....
.....
.....(2)

- (v) *'Never was so much owed by so many to so few.'* Cén ceannaire Briotanach i rith an chogaidh a dúirt na focail seo mar mholadh ar an RAF tar éis an ratha a bhí orthu i gCath na Breataine?

..... (2)

3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

- (i) Ó do chuid staidéir ar an stair, mínigh cad is foinse phríomha ann. Tabhair sampla **amháin**.

Míniú:

Sampla: (2)

- (ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le mainistir i dtús Ré na Críostaíochta.

Ardchros *Cillín* *Cloigtheach*

.....
..... (2)

- (iii) Tabhair mórthréith **amháin** a bhaineann le hailtireacht Ghotach.

..... (2)

- (iv) Ainmnigh **dhá** chéim a bhain le hoiliúint cheardaí sa mheánaois.

..... (2)

- (v) Ainmnigh péintéir **amháin** de chuid na hAthbheochana TAOBH AMUIGH den Iodáil agus saothar **amháin** de chuid an phéintéara sin.

Péintéir:

Saothar: (2)

- (vi) Ainmnigh **dhá** fhorbairt san eolaíocht nó sa mhíochaine le linn na hAthbheochana.

.....
..... (2)

- (vii) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** ón séú haois déag agus pointe creidimh **amháin** de chuid an leasaitheora sin.

Leasaitheoir:

Pointe creidimh: (2)

- (viii) Tabhair **dhá** iarmhairt a bhí ar an Reifirméisean san Eoraip le linn na tréimhse 1517-1648.

.....
..... (2)

- (ix) Tabhair **dhá** chúis a bhí leis an nGorta Mór, 1845-1850.

.....
..... (2)

- (x) Le linn an Ghorta Mhóir (1845-1850) cad ba chiall le *longa báis*?

..... (2)

- (xi) Cén t-athrú a tharla mar thoradh ar Acht an Aontais, 1801?

 (2)
- (xii) Tabhair **dhá** thoradh thábhachtacha a bhí ar an gCogadh Cathartha in Éirinn, 1922-1923.

 (2)
- (xiii) Cén cuspóir a bhí le Coimisiún na Teorann, 1924-1925?

 (2)
- (xiv) Ainmnigh **dhá** pháirtí polaitíochta a bhí páirteach sa chéad Chomhrialtas, 1948-51.
 (2)
- (xv) Cén fáth ar tagraíodh do cheannairí Phoblacht Weimar, a bunaíodh sa Ghearmáin tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda, mar *Choirpigh na Samhna*?

 (2)
- (xvi) Luaigh **dhá** bhealach inar úsáid Páirtí Naitsíoch na Gearmáine bolscaireacht chun tacaíocht a fháil.

 (2)
- (xvii) Maidir le Hitler agus na Giúdaigh, cad ba chiall leis an *Réiteach Deiridh*?

 (2)
- (xviii) Luaigh cúis **amháin** a raibh deighilt san Eoraip ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda.

 (2)
- (xix) Tabhair **dhá** shampla de leithcheal ar Chaitlicigh i dTuaisceart Éireann tar éis na críochdheighilte i 1920.

 (2)
- (xx) Cad ba chiall le *Cath Thaobh an Bhogaigh* le linn na ‘dTrioblóidí’ i dTuaisceart Éireann?

 (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6 I bhFREAGARLEABHAR
FAOI LEITH**

4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

Freagair A agus B

- A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.
- (i) Duine a chónaigh i sibhialtacht ársa **a ainmníonn tú TAOBH AMUIGH** d'Éirinn. (20)
 - (ii) Duine a chónaigh in Éirinn anallód (réamh-Chríostaí). (20)
 - (iii) Úinéir talún dúchasach Éireannach a chaill talamh i bplandáil **a ainmníonn tú** le linn an tséú haois déag nó an tseachtú haois déag. (20)

AGUS

- B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.
- (i) Úinéir monarchan/mianaigh le linn na Réabhlóide Tionsclaíche sa Bhreatain c. 1850. (20)
 - (ii) Saighdiúir Gearmánach a ghlac páirt in Oibríocht Barbarossa (ionradh na Rúise, Meitheamh 1941).

NÓ

- Saighdiúir Briotanach nó Meiriceánach a ghlac páirt i dteacht i dtír D-Day (teacht i dtír na gComhghuaillithe sa Fhrainc, Meitheamh 1944). (20)
- (iii) Ceannaire polaitíochta, **a ainmníonn tú**, i bPoblacht na hÉireann le linn na tréimhse 1960-1985. (20)

FOINSE D

Sliocht leasaithe as Forógra Saoirse Mheiriceá, 1776

Maímid go bhfuil na firinní seo soiléir iontu féin, go gcruthaítear gach duine ar chomhchéim, ... le cearta áirithe nach féidir a shárú, ina measc siúd tá Beatha, Saoirse, agus dul sa tóir ar an Sonas... Nuair a scriosann aon sórt Rialtais iad seo, tá sé de Cheart ag na Daoine é a athrú nó deireadh a chur leis, agus Rialtas nua a chur i bhfeidhm [a bhunú].

Is í an stair a bhaineann leis an Rí atá ar an mBreatain Mhór faoi láthair ná mórán díobhálacha a dhéanamh arís agus arís eile ... agus é mar bhunaidhm leo ar fad na Stáit seo a chur faoi Ansmacht iomlán. Chun é seo a chruthú, nochtaimis Fíricí: *Líon mór de thrúpaí faoi airm a lonnú inár measc agus iad a chosaint ó phionós de bharr áitritheoirí na Stát seo a dhúnmharú. Ar gcuid Trádála le gach cuid den domhan a chosc. Cánacha a ghearradh orainn gan Toiliú uainn. Na buntáistí a bhaineann le Triail le Giúiré a choinneáil uainn i mórán cásanna. Muid a sheoladh thar Farraige chun muid a chur faoi thriail maidir le cionta nach bhfuil aon bhunús leo...*

Dá bhrí sin, déanaimidne, Ionadaithe Stáit Aontaithe Mheiriceá, i dTionól na Comhdhála Ginearálta, ... in Ainm agus le hÚdarás Dhea-dhaoine na gCoilíneachtaí seo, a fhoilsíú agus a fhógairt go sollúnta, go bhfuil agus gur chóir go mbeadh ó Cheart, na Coilíneachtaí Aontaithe seo, ina Stáit Neamhspleácha agus Shaora.

FOINSE E



<http://teachnet.eu>

FOINSE F



Kildarelocalhistory.ie

A. Foinse D

- (i) Dar le **Foinse D**, cén sórt rialtais a bhfuil sé de cheart ag daoine é a athrú nó deireadh a chur leis? (2)
- (ii) Luaigh **dhá** fhíríc a thugtar san Fhorógra mar chruthú ar ansmacht iomlán an Rí ar na Stáit Aontaithe. (2)
- (iii) Cén forógra sollúnta a dhéanann na hionadaithe sa Chomhdháil Ghinearálta? (2)
- (iv) Ó do chuid staidéir ar Chogadh Saoirse Mheiriceá, tabhair **dhá** chúis a mhíníonn an fáth a bhfuair na Meiriceánaigh an bua ar na Briotanaigh. (4)

B. Foinsí E agus F

- (i) Ainmnigh ceannaire Chumann na nÉireannach Aontaithe, a thaispeántar i bh**Foinse E**, a bunaíodh i mBéal Feirste i mí Dheireadh Fómhair, 1791. (2)
- (ii) An dóigh leat gur thug an t-ealaíontóir a tharraing **Foinse F** tacaíocht d'Éirí Amach 1798 in Éirinn nó an raibh sé/sí ina choinne. Tabhair cúis **amháin** mar thacaíocht le do fhreagra. (2)
- (iii) Tabhair **dhá** phríomhaidhm a bhí ag Cumann na nÉireannach Aontaithe. (4)

C. Scríobh cuntas ar cheann **amháin de na topaicí seo a leanas:**

- (a) Tionchar Chogadh Saoirse Mheiriceá ar an bhFrainc.
- (b) Ré an Uafáis sa Fhrainc, Meán Fómhair 1793 - Iúil 1794.
- (c) Na cúiseanna ar theip ar Éirí Amach 1798 in Éirinn.

(12)

6. Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

(A) RÉ NA TAISCÉALAÍOCHTA

- (i) Tabhair **dhá** chúis a raibh rialtóirí sásta urraíocht a dhéanamh ar thurais le linn Ré na Taiscéalaíochta. (2)
- (ii) Mínigh an cuspóir a bhí le **dhá** cheann de na comharthaí loingseoireachta seo:
Astraláib; Dialann Loinge; Téad Luasmhéa; Orláiste. (2 x 2)
- (iii) Luaigh **dhá** ghné a bhain leis an gcarbhal a rinne níos fearr é ná longa seoil eile. (2 x 2)
- (iv) Scríobh cuntas ar an méid a chuir **dhá** cheann díobh seo a leanas le Ré na Taiscéalaíochta:
(a) An méid a chuir an Phortaingéil le Ré na Taiscéalaíochta.
(b) Hernando Cortes agus concas Mheicsiceo.
(c) Na príomhiarmhairtí a bhí ag na turais fionnachtana. (10 x 2)

(B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

- (i) Breac síos an chaoi a bhféadfadh **trí** cinn de na foinsí seo a leanas a bheith úsáideach do staraí a bheadh ag déanamh taighde ar athruithe sóisialta.
Agallaimh le daoine aosta; Tuairisceáin daonáirimh; Dialanna pearsanta; Seanléarscáileanna (2 x 3)
- (ii) Luaigh **trí** mhórathrú i gcúrsaí cumarsáide ó 1960 i leith. (2 x 3)
- (iii) Tabhair **trí** mhórathrú i gcúrsaí oideachais ó 1960 i leith. (2 x 3)
- (iv) Cad iad na príomhathruithe a tharla i ról na mban ó 1945 i leith? (12)

(C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

- (i) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirí Amach 1916:
Doiciméad an Chaisleáin; Comhairle Mhíleata; Íobairt Fola; Forógra Phoblacht na hÉireann (2 x 2)
- (ii) I do fhreagarleabhar, líon isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas (1)-(6). Ba chóir duit an uimhir chruinn a chur ar na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh.
Ná freagair an cheist seo ar do scrúdpháipéar.
- (1) Chuaigh de Valera go Londain i mí Iúil 1921, ach theip air teacht ar chomhaontú leis an bPríomh-Aire, L.....G....., maidir le téarmaí conartha.
- (2) I mí Dheireadh Fómhair 1921 ghlac toscaireacht Éireannach faoi cheannas G..... agus Collins páirt i gcainteanna conartha le rialtas na Breataine.
- (3) Ba lánchumhachtaí conartha iad na toscairí Éireannacha, ach d'ordaigh de Valera dóibh teagmháil a dhéanamh leis féin roimh aon chonradh a s.....
- (4) Chuir Príomh-Aire na Breataine brú ar na toscairí Éireannacha comhaontú a shíniú. Bhagair sé c..... uafásach ar an toirt.
- (5) Ar an 6 Nollaig 1921, shínigh na toscairí an Conradh A..... É....., a chuir deireadh le Cogadh na Saoirse.
- (6) Scoilt an Conradh an Dáil agus an IRA. Bhí Cogadh C..... mar thoradh air. (1 x 6)

(iii) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) An stailc agus an frithdhúnadh i mBaile Átha Cliath, 1913.

(b) An streachailt ar son na saoirse in Éirinn, 1919-1921.

(c) Fianna Fáil sa rialtas, 1932-1939.

(10 x 2)

| |
|---|
| (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS |
|---|

(i) *‘Gluaiseacht nua pholaitíochta san Eoraip tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda ba ea an Faisisteachas.’* Tabhair **dhá** phríomhsmaoineamh a bhain le Faisisteachas. (2 x 2)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Éachtaí polaitiúla Mussolini.

(b) Polasaí eachtrach Hitler: an bealach chun an chogaidh, 1933-1939.

(c) Rannpháirtíocht na hIodáile sa Dara Cogadh Domhanda.

(10)

(iii) Tabhair **dhá** chúis ar buadh ar an nGearmáin sa Dara Cogadh Domhanda.

(2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Géarchéim mhór a **ainmníonn tú** sa Chogadh Fuar idir SAM agus APSS le linn na tréimhse 1945-1963.

(b) Imeachtaí a raibh Aontas na hEorpa mar thoradh orthu, 1945-1973.

(c) An streachailt ar son na saoirse, ó 1945, i dtír Afracach nó Áiseach a **ainmníonn tú**. (12)